

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE  
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

FÓMHAR 2018

**Sleachta Léitheoireachta**

**Canúint Uladh**

Ag Caitheamh agus ag Sábháil Airgid

Bhí ag éirí go han-mhaith le Moya ina post samhraidh sa siopa rothar. Bhí sí ag obair sé lá sa tseachtain. Bhí sí ag bualadh le daoine ó go leor tíortha éagsúla. Thaitin sé léi bualadh le Francaigh go háirithe mar bhí seans aici a cuid Francise a chleachtadh. Thaitin an t-airgead léi freisin. Cheannaigh sí rothar nua di féin agus fuair sí lacáiste an-mhaith ó Mhánas, úinéir an tsiopa. Bhí sé go deas freisin go raibh sí in ann dul amach lena cairde gan a bheith ag iarraidh ar a tuismitheoirí airgead a thabhairt di. Níor chaith sí an t-airgead go léir. Shábháil sí cuid de. Níor thaitin sé léi a bheith ag deisiú rothar agus ola a bheith ar a lámha.

**Canúint Chonnacht**

Praghas an Éisc

Bhí Peadar an-sásta lena thrálaer nua *An Naomh Mac Dara*. Bhí sé ag obair ó dhubh go dubh, bhí sé ag breith ar an-chuid éisc ach ní raibh sé sásta ar chor ar bith leis an bpraghas a bhí á fháil aige ar an iasc céanna. Nuair a bhí an criú íoctha aige agus airgead tugtha aige don bhanc, is beag a bhí fágtha aige dó féin. Labhair sé leis an gceannaitheoir éisc ach dúirt seisean nach raibh sé in ann praghas níos fearr a thabhairt dó. Shocraigh Peadar rud éigin a dhéanamh faoi. Tráthnóna amháin tar éis dó teacht isteach chuig an gcéibh chuir sé an t-iasc go léir isteach ina veain agus isteach leis go cathair na Gaillimhe. Chuaigh sé ó óstán go hóstán agus ó bhialann go bialann agus níorbh fhada go raibh an t-iasc go léir díolta aige. Bhí sé an-sásta leis an airgead a bhí déanta aige.

**Canúint na Mumhan**

Tuirseach Traochta

Sé scrúdú ar fad a bhí le déanamh ag Muiris. Chríochnaigh sé a scrúdú deireanach ar an Déardaoin ar a cúig a chlog. Bhí sé tuirseach traochta. Bhí sé tar éis bliain an-chrua a chur isteach. Bhí an cúrsa deacair go leor. Bhí go leor tionscnamh aige, d’imir sé le foireann peile an Choláiste agus chuaigh sé abhaile gach deireadh seachtaine le himirt lena chlub. Chuir sé a fhón póca ar siúl. Bhí téacs aige. D’fhéach sé. “Cluiche amárach, Dé hAoine. Bí ag an gClubtheach ar 5.00 i.n.” Níor fhreagair Muiris an téacs láithreach. Chaith sé a mhála thar a ghualainn agus shocraigh sé siúl síos go dtí an abhainn, suí ar an mbinse, féachaint ar na báid ag dul suas agus síos agus machnamh a dhéanamh ar an samhradh a bhí roimhe.

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE  
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

FÓMHAR 2018

**Sleachta Léitheoireachta**

**Canúint Uladh**

Ag Caitheamh agus ag Sábháil Airgid

1. Cén sórt siopa ina raibh Moya ag obair?
2. Cé mhéad lá sa tseachtain a bhí sí ag obair?
3. Cén fáth ar thaitin sé léi bualadh le Francaigh?
4. Céard a cheannaigh Moya di féin?
5. Ainmnigh aon chuid den phost nár thaitin léi.

**Canúint Chonnacht**

Praghas an Éisc

1. Cén t-ainm a bhí ar thrálaer Pheadair?
2. Céard leis nach raibh Peadar sásta?
3. Céard a dúirt an ceannaitheoir éisc le Peadar?
4. Cá ndeachaigh Peadar leis an iasc a chuir sé sa veain?
5. Cén áit i nGaillimh inar dhíol sé an t-iasc?

**Canúint na Mumhan**

Tuirseach Traochta

1. Cé mhéad scrúdú ar fad a bhí le déanamh ag Muiris?
2. Cén t-am a chríochnaigh an scrúdú deireanach?
3. Cén fhoireann sa Choláiste ar imir Muiris léi?
4. Céard a chaith Muiris thar a ghualainn?
5. Cár shuigh Muiris?